Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Aibreán 2021
(OR. en, pl)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0202(COD)**

**7583/21**
**ADD 1**

**CODEC 494**
**SOC 181**
**ECOFIN 317**
**FSTR 29**
**COMPET 232**
**FIN 255**
**CADREFIN 165**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 1309/2013 **(an chéad léamh)**<br>- Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le haghaidh glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**Ráiteas ó Phoblacht na Bulgáire**

Tacaíonn an Bhulgáir le leanúint d'fheidhmiú an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú mar ionstraim sholúbtha réamhbhreathnaitheach lena gcuirtear cúnamh ar fáil d'oibrithe iomarcacha. Seo an chúis a dtacaíonn an Bhulgáir leis an gcur chuige ginearálta maidir leis an gcomhad, agus ar chuidigh sí le tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

Ach ba cheart a thabhairt ar aire gur ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh in 2018 inar dúradh go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlí chun cinn a bhaineann le coincheap na hinscne nach bhfuil ag teacht le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire.

I gcomhréir leis an gCinneadh thuasluaite de chuid na Cúirte Bunreachtúla, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire nach féidir léi glacadh le coincheap na hinscne ná le cur chuige inscnebhunaithe Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa, ná le haon doiciméad eile ina mbeartaítear difreáil a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar choincheap sóisialta.

Dá réir sin, ní féidir leis an tír tacú leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú ina gcuimsítear coincheap na *féiniúlachta inscne*.

Tuigtear do Phoblacht na Bulgáire chomh maith nach oibleagáid atá sa tuairisciú ar tháscairí coiteanna trí chatagóir 'neamhdhénártha' a úsáid in Iarscríbhinn II den Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú. Níl sé i gceist ag Poblacht na Bulgáire sonraí ábhartha a bhailiú agus a thuairisciú ós rud é nach ann dá leithéid de chatagóir ina reachtaíocht náisiúnta. De réir a creata reachtaigh baile, bailíonn Poblacht na Bulgáire sonraí imdhealaithe de réir gnéis (firinscne agus baininscne).

Ach ní bhaineann an seasamh ó Phoblacht na Bulgáire maidir leis an Rialachán an bonn ar bhealach ar bith dár dtacaíocht do shubstaint an Chiste ná dá chuspóirí.

## **Ráiteas ón Ungáir**

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú a córas náisiúnta dlí féin i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna seo, déanfaidh an Ungáir léiriú ar leaganacha ina bhfuil an téarma 'inscne' laistigh den Rialachán i gcomhthéacs (caol) an chomhionannais idir mná agus fir nó mar thagairt dó, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE. Thairis sin, tá an Ungáir suite de maidir le cur i bhfeidhm na dtáscairí coiteanna aschuir agus torthaí, nach é an doiciméad reachtach sin an bealach iomchuí le hábhar 'inscne' a shainiú. Dá réir sin, creideann an Ungáir gur cheart fonóta 34 in Iarscríbhinn II a bheith infheidhme agus tagairt a dhéanamh ann don téarma 'inscne' agus don mhéid iomlán atá sna lúibíní, agus ní hamháin do cheann amháin de na fochatagóirí atá liostaithe ansin. Agus aird againn ar an gcaoi gur faoi inniúlacht eisiach na mBallstát atá sé ábhar an téarma 'inscne' a chinneadh, ba cheart fonóta 34 a thuiscint mar thagairt don téarma 'inscne' agus ní don téarma 'neamhdhénártha'.

## Ráiteas ón bPolainn

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, sna leaganacha ina bhfuil an téarma 'inscne', déanfaidh an Pholainn iad a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le Airteagal 8 CFAE.